# Gaeilge na Sraithe Sóisearaí – T1 MRB 2
# Sampla de Shaothar Scoláirí 06

## Ócáid mheasúnaithe: MRB2 Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge

## Teideal an tSaothair: Féile Mhic Dara

## An tasc a bhí á mheas: Cur i láthair bunaithe ar Fhéile Mhic Dara. Féile Báid a bhíonn ar siúl sa cheantar gach bhliain.

## Formáid: Cur i láthair

## Torthaí foghlama as an aonad foghlama a roghnaíodh don mheasúnú:

### Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

**Cumas Cumarsáide**

**1.14** téacsanna ó bhéal a chruthú agus a chur i láthair mar dhuine aonair agus/nó mar bhall de ghrúpa.
**1.16** focail a fhuaimniú go nádúrtha le tuin chruinn shothuigthe agus béim chuí
**1.19** páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite (obair ghrúpa san áireamh) ag fiosrú, ag ceistiú agus ag forbairt tuairimí pearsanta agus ag freagairt go cuí le linn an chomhrá
**1.22** dearcthaí agus eolas ó fhoinsí éagsúla a thuairisciú agus a tharraingt le chéile
**1.23** smaointe a bhaineann le heispéiris phearsanta a mhíniú le samplaí agus/nó le hargóintí cuí chun dul i bhfeidhm ar dhuineí
**1.24** cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha

**Feasacht Teanga agus Chultúrtha**

**2.4** an réim chuí teanga a úsáid don ócáid, spriocghrúpa nó cineál cumarsáide
**2.9** tionscnaimh/cuir i láthair ó bhéal a dhéanamh ar ghnéithe de bheochultúr na Gaeilge

**Féinfheasacht an fhoghlaimeora**

**3.7** Acmhainní teanga a úsáid (foclóirí, ríommhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe , srl.) chun cruinneas agus saibhreas teanga a bhaint amach sa labhairt agus sa scríobh.

## Eispéireas teagaisc agus foghlama:

Is cur i láthair ó bhéal a shocraigh an scoláire a dhéanamh do MRB2: Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge. Tar éis 'Amhrán Chuigéil' (Amhrán ar liosta téacsanna dualgais T1) a bheith pléite sa rang Gaeilge bhí an scoláire ag labhairt lena seanathair faoin bhféile agus na traidisiúin a bhaineann leis. Shocraigh sí an cur i láthair a dhéanamh ar an bhféile leis an amhrán mar ábhar spreagthach. Is féile traidisiúnta báid é a bhíonn ar siúil gach bhliain. Chuaigh an scoláire i mbun taighde agus fiosrúchán ar an ábhar, bhí go leor eolais le fáil ar shuíomh Raidió na Gaeltachta. Bhailigh sí roinnt eolais go háitiúil freisin trí labhairt lena clann féin agus go mór mór a seanathair a bhíonn ag an bhféile gach bliain.

Tá an-suim ag daoine óga an cheantar i bhféilte na mbad agus bíonn siad ar siúl i gceantair éagsúla ó thús go deireadh an tsamhraidh, chabhraigh sé seo go mór le suim a comhscoláirí a mhúscail san ábhar a bhí roghnaithe. Nasc an t-ábhar seo go mór le gné de chultúr na Gaeilge agus le Conamara.

Thagair an scoláire do fhoinsí eolais éagsúla ag deireadh an cur i láthair, go mór mór na foinsí a d'aimsigh sí ar líne rud a léirigh an t-am a chaith sí ag bailiú eolais ar an ábhar seo.

Bhí an scoláire imníoch faoin gcur i láthair agus shocraigh sí nótaí a chur le chéile chun cabhrú léi. Thacaigh sé seo léi feabhas a chur ar struchtúr a cuid abairtí agus brí an cur i láthair a chur in oiriúint don lucht féachanna. Bhí gá leis an gcur i láthair le muinín a thabhairt don scoláire agus í a threorú seachas a bheith ag brath ar oráid nó píosa cainte amháin a dhéanamh ar an ábhar.

Le linn an chomhrá bhí an scoláire neirbhíseach agus rinne sí roinnt féincheartú le linn a cuid cainte.

## Nótaí tráchta an mhúinteora i dtaca leis na Gnéithe Cáilíochta do MRB2:

### Cumas cumarsáide:

Bhí cumarsáid an-mhaith á dhéanamh ag an scoláire seo. Bhí saibhreas teanga le sonrú agus stór focal leathan in úsáid faoin ábhar, rinne sí iarracht a bheith spontáineach ina cuid freagraí.

### Tuiscint agus cumas idirghníomhaithe cainte:

Bhí scileanna maithe idirghníomhaithe le sonrú sa bpíosa seo, rinne sí iarracht féachaint ar a comhscoláirí le linn an cur i láthair rud a chuir go mór leis an gcumas idirghníomhaithe. Léirigh sí muinín agus í ag freagairt ceisteanna.

### Feasacht teanga:

Léirigh an scoláire ard chaighdeán maidir le feasacht teanga. Rinne sí iarracht dul i mbun an féin cheartú ó am go ham. Bhí tuiscint mhaith léirithe ar struchtúr na teangan. Bhí lorg an Bhéarla le sonrú anseo agus ansiúd ach ar an iomlán ba léir go raibh sí feasach maidir le patrúin agus struchtúr na teanga.

**Tuairiscín:** Os cionn na n-ionchas

Thar barr ar fad | Os cionn na n-ionchas | Ag teacht leis na hionchais | Níor chomhlíon na hionchais go fóill